Téipscript

Topaic: **An Páiste**

Fothopaic: **Caitheamh aimsire na bpáistí**

Cainteoir: **Edel Ní Bhriain**

Tá Oisín deich mbliana d'aois agus tá an-chuid imeachtaí idir lámha aige faoi láthair. Thosaigh sé ag snámh dhá bhliain ó shin agus tá sé an-tógtha leis an snámh. Tá sé ina bhall de chlub snámha agus bíonn traenáil aige cúig huaire sa tseachtain agus is breá leis é. Chomh maith leis sin, déanann sé lúthchleasaíocht. Is breá leis a bheith ag rith. Téann sé ag traenáil dhá uair sa tseachtain agus buaileann sé lena chairde. Ní ghlacann sé páirt in aon chomórtaisí *but* is breá leis é. Agus an rud is fearr leis a dhéanamh ná a bheith ag léamh agus léann sé gach uile sórt leabhair. Is breá leis a bheith ag léamh an t-am ar fad.

Conall ansin, tá sé ocht mbliana d'aois, agus is imreoir sacair é. Ta sé ina bhall de chlub sacair áitiúil agus téann seisean ag traenáil uair sa tseachtain. Agus de ghnáth bíonn cluiche aige ar an Domhnach. Is breá leis é agus is breá leis a bheith ag imirt amuigh sa ghairdín lena chairde. Agus is breá leis cluichí ríomhaire freisin – nuair a fhaigheann siad an deis ag an deireadh seachtaine imríonn siad ar an *Xbox,* an bheirt acu lena chéile.

Agus buíochas le Dia, níl mórán imeachtaí á ndéanamh ag Aoileann, ach amháin, ar an Satharn glacann sise páirt i rang *ballet* agus is aoibhinn léi é agus ba mhaith léi as seo amach, b'fhéidir, gleacaíocht a dhéanamh.

Nótaí:

- Tabhair faoi deara go ndeirtear 'comórtaisí' – leagan canúnach den fhocal 'comórtais'.